## Tá Plean Aeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin

ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán méadaithe an athraithe aeráide dár gcontae. Chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do shaoránaigh Mhuineacháin, tá os cionn 150 gníomh aeráide sa phlean cúig bliana thar na 5 théama seo a leanas: Rialachas, Comhshaol Tógtha & Iompar, Comhshaol Nádúrtha, Pobail & Inbhuanaitheacht.

**Cad is Athrú Aeráide ann? Tagraíonn Athrú Aeráide d'athrú mórscála fadtéarmach ar phatrúin aimsire agus meánteocht an domhain.**

### Is iad ceithre phríomhsprioc an phlean ná:

- Feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030.
- Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.
- Muineachán a iompú ina Contae atá athsheasmhach ó thaobh na haeráide de, trí thionchair imeachtaí a bhaineann le hathrú aeráide amach anseo a laghdú; agus
- Chun dul i gcomhairle go gníomhach lenár bpobail agus iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíocht aeráide.

## Samplaí de cad a dhéanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin:

- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh na Comhairle & tithíocht shóisialta atá faoi úinéireacht na Comhairle.
- Réitigh nádúrbhunaithe a chur chun cinn chun tionchar tuilte a laghdú.
- Tionscadail taistil ghníomhaigh agus glasbhealaí a sheachadadh agus tuilleadh rothaíochta agus siúl a chur chun cinn.
- Clúdach crann a mhéadú chun tacú leis an dúlra, feabhas a chur ar cháilíocht an uisce, agus cuidiú le cosaint ó thuilte.
- Tacú leis an earnáil talmhaíochta chun aistriú chuig teicnící feirmeoireachta níos inbhuanaithe.
- Bia agus táirgí a tháirgtear go háitiúil agus bia agus táirgí orgánacha a chur chun cinn.
- Tacú le pobail rochtain a fháil ar mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochta maidir le hathrú aeráide.
- Tacú le gnólachtaí a lorg carbóin a laghdú.

#Gníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin

**Comhairle Contae Mhuineacháin**

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE (2024-2029)

## Cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le dul i ngleic leis an Athrú Aeráide:

Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí beaga, mar sin pé áit a thosaíonn tú ar d'aistear laghdaithe carbóin, is fiú go mór gach iarracht.

### Déan do theach níos éifeachtaí

- Athraigh go foinsí cumhachta agus teasa in-athnuaite nuair is féidir.
- Feabhsaigh insliú do thí.
- Roghnaigh fearais agus bolgáin solais níos éifeachtaí.

### Taisteal go cliste

Laghdaigh an líon míle a thiomáineann tú, más féidir, bain úsáid as modhanna taistil ghníomhaigh ar nós siúl agus rothaíocht. Le haghaidh achair níos faide roghnaigh iompar poiblí nó déan iarracht carr-roinnt a dhéanamh nuair is féidir.

### Ceannaigh níos lú rudaí

In ionad rudaí nua a cheannach, cad faoi iarracht a dhéanamh rudaí athláimhe a cheannach? Seachain cur amú bia trí gan ach na rudaí a bhfuil gá agat leo a cheannach agus trí bheith ar an eolas faoi na dátaí ar fearr roimhe agus bia á cheannach agat.

### Labhair faoin athrú aeráide

Labhair le daoine eile faoin athrú aeráide, ag an obair, ar scoil nó le do chairde agus do mhuintir. Cabhraíonn sé seo le daoine a chur ar an eolas agus spreagann sé daoine eile chun rud éigin a dhéanamh freisin.

### Cad is féidir liom a dhéanamh faoin athrú aeráide i mo ghairdín?

Bí cliste faoi uisce: Sa ghairdín bailigh uisce báistí nuair is féidir seachas uisce as an sconna a úsáid.

### Seachain múiríní bunaithe ar mhóin:

Stórálann tailte portaigh méideanna ollmhóra carbóin. Féach, iarr agus úsáid múiríní atá saor ó mhóin. Múirínigh a oiread agus is féidir de do dhramhaíl cistine agus gairdín.

### Déan spás don fhiadhúlra:

Cuir limistéir le speicis crann dúchasacha chomh maith le plandaí atá neamhdhíobhálach do phailneoirí sa ghairdín.

*Chun tuilleadh a fháil amach faoi Phlean Gníomhaíochta Aeráide Mhuineacháin scanáil an cód QR le do thoil nó tabhair cuairt ar www.monaghan.ie*

#Gníomhú ar son na hAeráide Mhuineacháin

Comhairle Contae Mhuineacháin

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE (2024-2029)